



Nuacht faoin Teicneolaíocht


NUAHT FAOIN TEICNEOLAÍOCHT

MÓRCHUIDEACHTAÍ MEÁN SÓISIALTA CHUN ROCHTAIN A THEORANNÚ

Tá sé beartaithe ag mórchuideachtaí meán sóisialta ar fud an domhain obair i gcomhar lena chéile chun an rochtain a bhíonn ag daoine óga ar na meáin shóisialta a theorannú. Deir urlabhraí do mhórchuideachta amháin “Níor chóir do leanaí rochtain a bheith acu ar na meáin shóisialta. Ní thuigeann siad conas iad a úsáid ar bhealach freagrach. Mar sin, tá sé beartaithe againn íosteorainn aoise de 16 bliana d’aois a chur i bhfeidhm.”

Cháin Grúpaí Tacaíochta Óige ar fud an domhain an cinneadh sin, mar go bhfuil siad den tuairim gur féidir le leanaí cinní a dhéanamh as a stuaim féin, agus go bhfuil siad in ann na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach freagrach agus cúramach. Dar le hionadaí ó Ghrúpa Tacaíochta Óige áirithe “Tá daoine óga ag úsáid na meán sóisialta ar bhealach freagrach le roinnt mhaith blianta anuas agus tá tuiscint níos fearr acusan ar na buntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta ná mar atá ag a lán daoine fásta inár measc. Tá siad an-díomách nach mbeidh rochtain acu a thuilleadh ar na meáin shóisialta agus iarrann siad ar Chuideachtaí Meán Sóisialta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh seo agus cead a thabhairt do dhaoine óga rochtain a fháil ar na meáin shóisialta arís”.

Ar an taobh eile de tá roinnt Grúpaí Tuismitheoirí tar éis a rá go dtacaíonn siad leis



an mbeart chun rochtain a theorannú agus nach mbeidh cead ag a leanaí rochtain a fháil a thuilleadh ar na meáin shóisialta. Seo a bhí le rá ag ionadaí amháin ó Ghrúpa Tuismitheoirí “Is cúis áthais dúinne é nach beidh rochtain ag leanaí a thuilleadh ar na meáin shóisialta. Táim bréan de bheith ag breathnú ar mo leanaí ag suí ag stánadh ar an nguthán ar feadh an lae. Tá sé thar am go rachadh leanaí amach ag súgradh arís. Táim chomh sásta leis an gcinneadh seo gur bheartaigh mé guthán mo linbh a choigistiú chun iallach a chur air dul amach ag súgradh lena chairde.”

Cibé an aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis an dearcadh sin, tá cinneadh déanta ar son daoine óga chun iad a chosaint.

- An dóigh leat gur maith an smaoineamh é seo?
- An dóigh leat gur gá daoine óga a chosaint?
- An dóigh leat go bhfuil daoine óga freagrach agus na meáin shóisialta á n-úsáid acu?

Cuir do thuairimí in iúl